

1. Cad a rinne tú an tseachtain seo?      What did you do this week?  
*Bhí mé ag ...*      *I was at ...*  
*Chuaigh mé go (dtí an) ...*      *I went to (the) ...*  
*Chonaic mé ...*      *I saw ...*  
*D'ith mé ...*      *I ate ...*
  
2. An itheann tú iasc agus gliomach?      Do you eat fish and lobster?
  
3. An bhfaca tú míol mór riabh?      Did you ever see a whale?
  
4. An dtéann tú amach ag iascaireacht?      Do you go out fishing?

**Aillte – Sliabh Liag (TG4)**

**Cliffs – Slieve League (TG4)**

- |   |  |
|---|--|
| 1. Ach ní hé sin an t-aon mháistir amháin ar na bealaigh le tú féin a chuir as aithne.                            | But he is not the only master of the ways of disguising yourself.                        |
| 2. Gléasta in éide airm an ghaiscígh le foighne an mhanaigh – an gliomach.  | Dressed in a warrior’s armor, with the patience of a monk – the lobster.                 |
| 3. Iarsma ón tsean-am, ach gan athrú tagtha air leis na milliúin bliain.  | A relic of ancient times, but without any change for millions of years.                  |
| 4. Is mór an difear idir an t-iasc agus an gliomach.  | There is a big difference between the fish and the lobster.                              |
| 5. Fanann muid leo teacht sa tóir ar a ndinnéar féin.   | We wait for them to come seeking their own dinner.                                       |
| 6. Is breá liom an rud nach féidir a fheiceáil.   | I love the thing that can’t be seen.   |
| 7. Nach bhfuil a fhios agat a bhfuil na potaí lán go dtí gur tharraing tú suas iad.                               | That you don’t know if the pots are full until you pull them up.                         |
| 8. I gcuideacht le mo dheartháir Mícheál, téann muid ag tarraingt faoi na haille.                                 | Together with my brother Michael, we go out pulling [the lobster pots] under the cliffs. |
| 9. Is <i>cannibals</i> (canablaigh) iad fosta.  | They are cannibals, too.   |
| 10. Agus má chuireann tú iad le chéile gan na <i>rubber bands</i> (bandaí rubair) itheann siad na gliomaigh eile. | And if you put them together without the rubber bands, they eat the other lobsters.      |
| 11. Ró-óg le tabhairt i dtír go fóill.  | Too young to bring to land.  |
| 12. Deis eile chun leá isteach sa doimhneacht.  | Another chance to melt into the depths.  |
| 13. D’fhoghlaim muid ón tseandream go bhfuil am an le cur agus am an le baint.                                    | We learned from the old folk that there is a time to sow and a time to reap.             |

- |     |   |  |
|-----|---|--|
| 14. | Anois is arís téann na potaí i bhfostú ar thóin na farraige.  | Now and then the pots get stuck in the sea bed.  |
| 15. | Agus uaimse atá sé teacht ar dhéithe na farraige lena scaoileadh.   | And it's for me to come to the gods of the sea to free them.   |
| 16. | Seo duit. Bulaí fir.  | Here you are. Good man.  |
| 17. | Agus, as lasta na maidine a thagann lón an tráthnóna.   | And, from the morning haul comes the afternoon lunch.  |
| 18. | Insíonn Mícheál dá gcustaiméirí gur beireadh 600 (sé chéad) troigh fúthu faoi mar a thumann an gainéad.       | Micael tells his customers that X was caught 600 feet below them as the gannet dives.                          |
| 19. | Áit anseo amuigh anseo i bhfolach faoi na tonnta, tá fáthaigh na farraige faoi shiúl.                         | Somewhere hidden out here below the waves the giants of the ocean are on the move.                             |
| 20. | Beithigh chomh hársa sin go bhfuil níos mó ceangal acu le miotais m'óige ná le réaltacht an lae inniu.        | Creatures so ancient that they have more ties to the myths of my youth than to the reality of the present day. |
| 21. | Díreach amach ó bhun Shliabh Liag, tá an fharraige beo, mar a bheadh pota ag bruith ann.                      | Straight out from the base of Slieve League the sea is alive, as though a boiling pot.                         |
| 22. | Moll iasc ag ardú atá ann. Snaidhm <i>Gordian</i> (Goirdiach) de bholgáin.                                    | It's a rising bait ball. A Gordian knot of bubbles.  |
| 23. | Ag ciorclú agus ag tachtú na maghar.  | Circling and choking the sprat.  |
| 24. | Thíos fúthu tá míolta móra dronnacha ag líontáin le bolgáin agus ag brú na n-iasc níos airde agus níos airde. | Below them humpback whales at bubble nets pushing the fish higher and higher.                                  |
| 25. | Agus tagann na deilfeanna ag stocaireacht ag an fhéasta.  | And the dolphins come crashing the feast.  |
| 26. | Is radhairc neamh-thrócaireach é moll iasc.   | A bait ball is a ruthless sight.   |
| 27. | É thart chomh gasta agus a thosaigh sé.   | Over as quickly as it began.   |
| 28. | Míol mór agus aill, an bheirt acu snoite ag an Atlantach fiáin.   | Whale and cliff, both of them shaped by the wild Atlantic.   |

**Ceisteanna**

**Questions**

- |   |  |
|---|--|
| 1. Cad atá gléasta in éide airm?                          | What is wearing armor?                           |
| 2. Conas is féidir a fháil amach an bhfuil na potaí lán?  | How can you find out if the pots are full?       |
| 3. Cad a tharlaíonn má fhágann tú na gliomaigh le chéile? | What happens if you leave the lobsters together? |
| 4. Cad a d'fhoghlaim muid ón tseandream?                  | What did we learn from the old people?           |
| 5. Cad a tharlaíonn do na potaí ó am go ham?              | What happens to the pots from time to time?      |
| 6. Cad a dhéantar leis na héisc a mharaítear?             | What do they do with the fish that they catch?   |
| 7. Cé hiad na fáthaigh atá faoin na tonnta?               | Who are the giants that are under the waves?     |
| 8. Cad leis a ndéantar an líontán?                        | What is the net made with?                       |
| 9. Cad a dhéantar leis an moll éisc?                      | What is done to the bait ball?                   |
| 10. Cad a dhéanann na deilfeanna?                         | What do the dolphins do?                         |